snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

## CLEACHTAÍ GRAMADAÍ
## AG DÍRIÚ AR EARRÁIDÍ

### Aidhm

Ag díriú ar earráidí gramadaí.
Imríonn na foghlaimeoirí cluiche a dhíríonn a n-aird ar earráid ar leith gramadaí atá ag cothú deacrachtaí dóibh.
Bheadh an struchtúr gramadaí atá i gceist le plé leis na foghlaimeoirí sula dtugann siad faoin ngníomhaíocht.

### Treoir

Aimsigh botún gramadaí a dhéanann na foghlaimeoirí go minic agus bain úsáid as *Wordwall* chun cluiche a dhearadh a dhíríonn a n-aird ar an mbotún áirithe sin.
Díríonn an sampla thíos ar an uimhir uatha i ndiaidh an focal 'cúpla' agus focail eile. Bíonn ar na foghlaimeoirí cinneadh a dhéanamh an bhfuil an frása ceart nó mícheart.

### Sampla




### Forbairt / Nótaí

Is féidir leis an múinteoir an cluiche a roinnt ar scáileán sa seomra ranga agus iarraidh ar na foghlaimeoirí na freagraí a sholáthar, nó is féidir an nasc a roinnt leis na foghlaimeoirí chun gur féidir leo féin an cluiche a imirt.